# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AS AN bPAIPEAR SEO.

***Don Fheitheoir Amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir Amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as Freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar an gceist/na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT. SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Cé acu **ceann** de na tíortha seo a leanas inar rugadh Íosa Nazórach?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN ÉIGIPT ☐ AN GHRÉIG ☐ AN PHALAISTÍN ☐

**2.** Ról amháin is féidir a bheith ag duine laistigh de phobal creidimh ná bheith ina c(h)eannaire. Luaigh ról **eile** is féidir a bheith ag duine laistigh de phobal creidimh.

______________________________________________________________________________

**3.** Léigh liosta na ndaoine a bhfuil baint acu le scéalta bunaidh reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Rinneadh ainm amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint ag an duine leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Daoine Reiligiúnacha* |
|---|
| Ábraham<br>Brahmin<br>Íosa Nazórach<br>Muhammad<br>Siddhartha Gautama |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

| | *Daoine Reiligiúnacha* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Íosa Nazórach* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**4.** Is é an dearcadh atá ag bunchreidmhigh reiligiúnacha ná ______________________________

______________________________________________________________________________

**5.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an loiteog bheannaithe leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**6.** Is ord rialta iad Siúracha Reiligiúnacha na Carthanachta atá in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ainmnigh ord rialta **eile** atá in Éirinn sa lá atá inniu ann.

______________________________________________________________________________

**7.** Cé acu duine de na daoine seo a leanas is mó a bhfuil baint acu leis an mairtíreacht sa Chríostaíocht?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

SAMÚÉIL ☐ SOLAMH ☐ STIOFÁN ☐

**8.** Is é an dearcadh atá ag an aindiachas ná __________________________________________

______________________________________________________________________________

**9.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le maoirseacht ná freagracht an duine chun _____

________________________________________________________________________________

**10.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an deasghnáth reiligiúnach Wudu/Wudhu leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

**11.** Is é an dearcadh atá ag an agnóiseachas ná ________________________________________

________________________________________________________________________________

**12.** Ó thaobh creidimh de, san ildiachas — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

TÁ A LÁN DÉITHE ANN ☐ NÍL DIA ANN ☐ TÁ DIA AMHÁIN ANN ☐

**13.** Ainm parabail a d'inis Íosa Nazórach is ea An Síoladóir.
Ainmnigh parabal **eile** a d'inis Íosa Nazórach.

________________________________________________________________________________

**14.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'fáidh' ná duine a __________________________

________________________________________________________________________________

**15.** Ainm soiscéalaí a bhfuil baint aige le Soiscéal a scríobh ná ____________________________

**16.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an bpaidir, an Seama, leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**17.** Bhronn na Chéad Chríostaithe an teideal 'Mac Dé' ar Íosa Nazórach.
Ainmnigh teideal **eile** a bhronn na Chéad Chríostaithe ar Íosa Nazórach.

________________________________________________________________________________

**18.** Is é an dearcadh atá ag an iolrachas ná nach bhfuil an ceart ag grúpa reiligiúnach ar bith laistigh den tsochaí a reiligiún a chleachtadh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**19.** Deis amháin a thugtar chun athmhuintearas a dhéanamh laistigh de thraidisiún reiligiúnach ná ____________________________________________________________________________

**20.** Siombail reiligiúnach a bhfuil an bhaint is mó aici leis an Hiondúchas ná — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AUM ☐ CROS CHÉASTA ☐ MEANÓRA ☐

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ CINN** DE NA CEITHRE GHRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LEO**.** **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** **Is grianghraf é seo de phobal creidimh.**



*(Foinse: Arna oiriúnú ó http://londonmandir.baps.org)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thugann le tuiscint gur pobal creidimh é seo.

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**B.** I bpobal creidimh is é atá i gceist le 'ministreacht' a bheith agat ná ________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a mbíonn róil éagsúla ag baill laistigh de phobal creidimh.

i. ______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 2.** **Is grianghraf é seo de dhaoine agus creideamh reiligiúnach á léiriú acu.**



*(Foinse: http://article.wn.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil creideamh reiligiúnach á léiriú ag na daoine seo. ________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**B.** Is é is aondiachas ann ná creideamh in _____________

______________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** shampla ar conas a léiríonn na baill de mhór-reiligiún domhanda an t-aondiachas.

i. ______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)



Don Scrúdaitheoir Amháin

+ =

**Ceist 3.** **Tá an pictiúr seo bunaithe ar chuntas Soiscéil den chompántas boird i saol Íosa Nazórach.**



*(Foinse: 'Christ at Emmaus' ó Walter Rane)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le tuiscint gur sampla é seo d'Íosa agus an compántas boird á chleachtadh aige.

_______________________________________________

_______________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cé acu **duine** de na daoine seo a leanas ar chleacht Íosa an compántas boird leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

ZACHÁIAS ☐ ZEIBIDÉ ☐ ZAFAINIÁ ☐ (2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** thréith de chuid Ríocht Dé a mhúin Íosa dá dheisceabail tríd an gcompántas boird.

i. _______________________________________________

_______________________________________________

ii. _______________________________________________

_______________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 4.** **Is grianghraf é seo de dhaoine atá ag seasamh le chéile in aice le coinnle lasta atá curtha le chéile ar shlí ina gcumtar an focal 'SÍOCHÁIN'.**



*(Foinse: www.hurriyetdailynews.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thugann le tuiscint go bhfuil na daoine seo ag obair ar son na síochána.

_______________________________________________

_______________________________________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de shlí ina mbíonn na baill de reiligiún domhanda ag obair ar son na síochána. ______

_______________________________________________

_______________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a mbíonn na baill de reiligiún domhanda ag obair ar son na síochána.

i. _______________________________________________

_______________________________________________

ii. _______________________________________________

_______________________________________________

(6 mharc)

# ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN COMHRÁ THÍOS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA **GO LÉIR** INA DHIAIDH.

An Grúpa: Pat, Sam, Ger, Fran .................................. ...☎ Glao Fóin

Aon tuairimí agaibh do mo dhíospóireacht scoile —
Cad é brí na beatha? Pat ☺

*Sam:*

Tháinig mé trasna ar thuairim dheas ina ndúirt duine éigin:
Ní aimsímid brí na beatha inár n-aonar amháin —
aimsímid é lena chéile. Is é an grá an fíor-rud atá i ndán dúinn.



*Ger:*



Tugtar brí na beatha domsa trí bheith ag éisteacht le ceol.
Go minic, cuireann focail amhrán in iúl conas a mhothaím faoin saol agus taispeántar dom nach bhfuilim im aonar!

*Fran:*

Aontaím leis an bhfear spóirt a dúirt: "Seachas an t-análú, is é an rud is tábhachtaí i mo shaol ná an bua a fháil. An t-análú ar dtús, ansin an bua."
Is iontach a bheith ag imirt peile agus tú mar bhall d'fhoireann.
Is fiú go mór an traenáil dhian nuair a bhíonn an bua againn!




*(Foinse: Immortality in Sport, Wib Leonard leathanach 83 & Love and Living, Thomas Merton leathanach 27 www.slideshare.net; clipart Panda; clipartKid)*

**1.** Ón méid atá léite agat sa chomhrá thuas, mínigh i do chuid focal féin cén fáth a n-iompódh daoine i dtreo **gach ceann** díobh seo a leanas agus brí na beatha á cuardach acu:

● AN CEOL ● NA CAIDRIMH ● AN RATH

i. _____________ ____________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

ii. _____________ ____________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________



Don Scrúdaitheoir Amháin

\+ =

iii. ____________ ________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

(18 marc)

**2.** ● AN tINDIBHIDIÚLACHAS ● AN tÁBHARACHAS ● AN DAONNACHAS SAOLTA

Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh **dhá** cheann díobh seo thuas tionchar a imirt ar dhuine agus brí na beatha á cuardach aige nó aici.

i. ____________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

ii. ____________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

(18 marc)

**3.** ♦AN BÚDACHAS ♦AN CHRÍOSTAÍOCHT ♦AN HIONDÚCHAS ♦AN tIOSLAMACHAS ♦AN GIÚDACHAS

Déan cur síos ar shampla den chaoi a bhféadfadh teagasc aon cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas tionchar a imirt ar dhuine atá ag cuardach bhrí na beatha.

*REILIGIÚN DOMHANDA:* ______________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

(14 mharc)



THALL →

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS**.**

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Is é atá i gceist leis an seicteachas ná meas a bheith ag daoine ar chreidimh reiligiúnacha daoine eile. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (5 mharc)

b. Mínigh conas a d'fhéadfadh an seicteachas cur isteach ar an gcleachtadh reiligiúnach de phobal creidimh.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(10 marc)

c. Déan cur síos ar shampla **amháin** den obair atá á déanamh chun an t-éacúiméineachas a chur chun cinn idir na sainchreidimh Chríostaí éagsúla in Éirinn sa lá atá inniu ann.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(10 marc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le stíl **amháin** ceannaireachta atá le fail i bpobal creidimh a ndearna tú staidéar air.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir Amháin

+ =

b. Cuir an stíl ceannaireachta ar thug tú breac-chuntas uirthi i gcuid *Ba)* thuas i gcomparáid le stíl ceannaireachta atá le fáil i bpobal creidimh **eile** a ndearna tú staidéar air.

(15 mharc)

**Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. Is sampla é de mhíorúilt a rinne Íosa Nazórach nuair a d'athraigh sé uisce go fíon le linn na Féile Bainise ag Cána. Ainmnigh míorúilt **eile** a rinne Íosa a bhfuil tuairisc uirthi sna Soiscéil. ______

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shampla den mhéid a mhúin Íosa dá lucht leanúna faoi Ríocht Dé trí na míorúiltí a rinne sé.

i.

ii.



Don Scrúdaitheoir Amháin

+ =

(14 mharc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi ina léirítear teagasc Íosa faoi Ríocht Dé i ngníomhartha Críostaithe sa lá atá inniu ann.

(15 mharc)

b. Scrúdaigh an chaoi ar cheiliúir Íosa an Suipéar Déanach lena dheisceabail mar Eocairist agus mar bhéile Cháisc na nGiúdach araon.

(16 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** a. Léigh liosta na dtéacsanna diaga agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Déan téacs diaga **amháin** a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis.

| *Téacsanna Diaga* |
|---|
| An Córán/Qur'an<br>An Chanóin Phálach<br>An Tanakh/Tenakh<br>Na Véidí |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Téacs Diaga* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(5 mharc)

b. An téacs diaga a mheaitseáil tú i gcuid *Aa)* thuas, mínigh **dhá** chúis cén fáth a gceapann baill de reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis gur doiciméad creidimh é.

i. ____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

ii. ____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(14 mharc)

c. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus tabhair breac-chuntas ar a raibh i gceist le céim **amháin** den fhorbairt ar théacs diaga a bhfuil baint aige leis:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

*AINM AN TÉACS DHIAGA*: ________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir Amháin
+ =

**B.** a. Léigh liosta na n-imeachtaí ó scéil bhunaidh reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Déan scéal bunaidh **amháin** a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis.

| *Scéil Bhunaidh* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| An tIonradh Airianach | An Búdachas |
| An Oíche Naofa | An Hiondúchas |
| An tEacsadas | An tIoslamachas |
| An Hijra | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Scéal Bunaidh* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(5 mharc)

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus mínigh cén fáth a gceaptar gur cor cinniúnach/cor suntasach é eachtra ar leith ina scéal bunaidh:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

*EACHTRA:* ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(16 mharc)

**Ceist 4.** **CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. Baineann an dí-eaglaiseachas leis an dearcadh gur chóir go mbeadh teagasc reiligiúnach léirithe i ndlíthe Stáit. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (5 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** athrú atá tarlaithe i bpátrún an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn le 100 bliain anuas.

i. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

ii. ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(14 mharc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir leis na ceisteanna a chuireann daoine faoi bhrí na beatha athrú de réir mar a fhorbraíonn a gcreideamh ó chreideamh an linbh go creideamh an duine aibí.

(15 mharc)

b. *Tréith amháin a bhaineann le creideamh aibí ná caidreamh pearsanta a bheith agat le Dia.*

Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le **dhá** thréith eile a bhaineann go sonrach le creideamh aibí.

i.

ii.

(16 mharc)




THALL →

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. Ainmnigh an mór-reiligiún domhanda le cineál **amháin** de na foirgnimh reiligiúnacha atá sna pictiúir thíos a bhfuil an bhaint is mó aige leis.




*(Foinsí:ndgh.org; 123rf.com; smvs.org/centersworldwide; express.co.uk; pinterest.com)*

● EAGLAIS ● TEAMPALL ● MOSC ● SIONAGÓG ● MANDIR

*MÓR-REILIGIÚN DOMHANDA*:______________ *FOIRGNEAMH REILIGIÚNACH*: _____________

(5 mharc)

b. Mínigh cúis **amháin** a bhfuil an bhaint is mó ag an gcineál foirgnimh reiligiúnaigh a d'ainmnigh tú i gcuid *Aa)* thuas le mór-reiligiún domhanda.

(14 mharc)

**B.** a. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi go mothódh duine go bhfuil Dia/déithe/ neach diaga ann de bharr eispéiris ina s{h}aol.

(15 mharc)



Don Scrúdaitheoir Amháín

+ =

b. AN tEISPÉIREAS A CHUR IN IÚL ☐ TEAGMHÁIL LEIS AN RÚNDIAMHAIR ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí féachaint air mar shampla den chomhphaidir a bhfuil baint aige le mór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.

*REILIGIÚN DOMHANDA:* ____________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

(16 mharc)

## Ceist 6. AN DÚSHLÁN MORÁLTA

**A.** a. *Tá tuairimí éagsúla ag daoine faoi cad atá i gceist le bheith morálta. Liostaithe thíos tá tuairimí éagsúla faoina bhfuil ceart nó mícheart agus cúiseanna a bhíonn ag daoine le cinneadh a dhéanamh faoina bhfuil morálta.*

Cuir tic ✓ leis na boscaí thíos a mheaitseálann **gach** tuairim leis an gcúis ar a bhfuil an cinneadh, faoi cad atá morálta, bunaithe.

| *Tuairimí faoina bhfuil ceart nó mícheart:* | *An cúis ar a bhfuil an cinneadh faoi cad tá morálta bunaithe ar —*<br>❖ ÚDARÁS | ❖ COMHCHLEACHTADH | ❖ IARMHAIRTÍ PEARSANTA |
|---|---|---|---|
| ● "Tá sé ceart toisc nach raibh ar siúl agam ach a ndúradh liom a dhéanamh." | | | |
| ● "Tá sé ceart na rialacha a bhriseadh toisc go mbriseann gach duine iad." | | | |
| ● "Ní dhéanfaidh mé é sin toisc go bhfuil an seans ann go mbéarfaí orm agus go gcuirfí i bpríosún mé." | | | |

(9 marc)

b. ● ÚDARÁS ● COMHCHLEACHTADH ● IARMHAIRTÍ PEARSANTA

Mínigh conas a bheadh tionchar ag cinneadh, a bheadh á dhéanamh faoi cad tá ceart ar bhonn **dhá** cheann díobh seo thuas, ar dhuine agus cinneadh morálta á dhéanamh aige/aici i gcás ar leith.

i. ____________________ ______________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

ii. ____________________ ______________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(18 marc)

**B.** a. Iompraíonn duine é féin go mímhorálta nuair a roghnaíonn sé/sí rud a dhéanamh arb eol dó é a bheith mícheart. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (5 mharc)

b. Mínigh conas a d'fhéadfadh tuairim duine faoi cad atá ceart agus cad atá mícheart athrú de réir mar a éiríonn sé/sí aibí go morálta.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(18 marc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT**.**

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** ● CUMARSÁID ● COMHOIBRIÚ ● COMHROINNT

Déan próifíliú ar conas a d'fhéadfaí an teannas idir riachtanais duine agus riachtanais pobail a laghdú i bpobal creidimh le **dhá** cheann díobh seo thuas.

**Ceist 2.**

i. Déan cur síos ar cad a tharla um Chincís de réir na Soiscéal.

ii. Scrúdaigh an tionchar a bhí ag an gCincís ar na Chéad Chríostaithe.

**Ceist 3.** ♦ AN BÚDACHAS ♦ AN HIONDÚCHAS ♦ AN tIOSLAMACHAS ♦ AN GIÚDACHAS

Scrúdaigh an éifeacht, ar an méid a tharla le linn ré an tsiosma, ar fhorbairt aon cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas.

**Ceist 4.**

i. Déan cur síos ar íomhá de Dhia a bhaineann le mór-reiligiún domhanda.

ii. Scrúdaigh conas a léiríonn an íomhá de Dhia, a bhfuil cur síos déanta uirthi i gcuid *4 i)* thuas, creidimh reiligiúnacha an mhór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil an bhaint is mó aige léi.

**Ceist 5.** *Samhlaigh gur iarradh ort bileog eolais a scríobh le haghaidh turais scoile chuig áit lasmuigh d'Éirinn a bhfuil tábhacht leis ó thaobh an chreidimh de.*

i. Ainmnigh áit lasmuigh d'Éirinn agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil sí tábhachtach do phobal creidimh.

ii Déan cur síos ar eispéireas adhartha ar féidir páirt a ghlacadh ann nó breathnú air san áit atá tábhachtach ó thaobh an chreidimh de, a d'ainmnigh tú i gcuid *5 i)* thuas.

**Ceist 6.** ♦AN BÚDACHAS ♦AN CHRÍOSTAÍOCHT ♦AN HIONDÚCHAS ♦AN tIOSLAMACHAS ♦ AN GIÚDACHAS

Déan próifíliú ar an mbealach ina mbíonn tionchar ag **dhá** cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas ar a gcuid ball le hobair a dhéanamh ar son an cheartais.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___



Don Scrúdaitheoir Amháin

+ =

(70 marc)

Leathanach Bán